Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2022
(OR. fr)

7832/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0096(COD)**

CODEC 428
COH 29
SOC 203

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 23 Márta 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 175(3) agus Airteagal 177 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle, arna fhorlíonadh ag togra leasaithe a cuireadh ar aghaidh chuig an gComhairle an 31 Márta 2022[2].

2. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún.

4. An 7 Aibreán 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 7513/22.
[2] 7796/22.
[3] 7831/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 14/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
- a mhaolú, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír, de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.